
# A



1 - Tús

2 - Múinteoir gach Tuismitheoir

# Clár


| | |
|---|---|
| Clár Foghlama don Chlann | 2 |
| Ag Foghlaim sa mBaile agus sa Scoil | 3 |
| Topaicí Lárnacha agus Topaicí Eile | 4 |
| Ag foghlaim sa mbaile | 5 |
| Pioc amach do stíl foghlama | 6-7a |
| Trí bhunscil foghlama | 8-8a |
| An bealach a fhoghlaimíonn an gasúr | 9 |
| Fean na n-ainmneacha | 10 |
| Stíleanna foghlama sa mbaile | 11 |
| Ó Phonc go Ponc | 12 |




# Clár Foghlama don Chlann

**Aithníonn clár foghlama don chlann gurb iad na tuismitheoirí is túisce a bhíonn mar mhúinteoirí ag an ngasúr agus gurb iadsan na múinteoirí is tábhachtaí.**

Ceann de na spriocanna atá ag an gclár foghlama don chlann ná tú a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt duit i do ról mar an chéad mhúinteoir a bheas ag do ghasúr.

**Aithníonn clár foghlama don chlann go bhfuil chuile chineál deis ann le bheith ag foghlaim sa mbaile.**


An darna sprioc atá ag an gclár ná eolas a fháil ar ghníomhaíochtaí a thabharfadh cúnamh do do ghasúr an méid tairbhe agus is féidir a fháil ó bheith ag foghlaim sa mbaile.

**Aithníonn clár foghlama don chlann freisin go mbíonn tuismitheoirí an-ghnóthach agus go mbíonn sé deacair orthu am ar bith a chur i leataobh dóibh féin.**

An tríú sprioc atá ag an gclár ná am agus spás a chur ar fáil duit féin le bheith ag caint faoin tsuim atá agat féin a bheith ag foghlaim agus más mian leat, leas a bhaint as na deiseanna aosfhoghlama i gcaitheamh an chláir agus ina dhiaidh.

'Séard atá i gceist le clár foghlama don chlann:

- scileanna a fhorbairt,
- muinín a spreagadh,
- smaointe a roinnt,
- sásamh a bhaint as!



# Ag Foghlaim sa mBaile agus sa Scoil

| Ag Foghlaim sa mBaile | Ag Foghlaim sa Scoil |
|---|---|
| • Is féidir leis na gasúir cébí cén ábhar is fearr leo féin a phiocadh amach. | • Caitheann na múinteoirí curaclam áirid a leanacht. |
| • Bíonn spraoi ag baint leis an bhfoghlaim agus bíonn sé éasca. | • Is iondúil go gceapann gasúir gur obair chrua í an fhoghlaim. |
| • Is féidir leis na gasúir a bheith gafa le gníomhaíocht foghlama am ar bith. | • Leagtar clár ama amach don fhoghlaim. |
| • B'fhéidir nach dtiocfadh gasúir trasna ar choincheapanna nach mbeadh in ord deacrachta. | • Foghlaimíonn gasúir scileanna ar bhealach atá leagtha amach céim ar chéim. |
| • Bíonn go leor deiseanna ann le níos mó aird a thabhairt ar an ngasúr. | • Bíonn aird an duine fásta á roinnt ar go leor gasúir. |
| • Foghlaimíonn gasúir scileanna difriúla ón sampla a thugann na daoine fásta dóibh. | • Bíonn daoine fásta mar theagascóirí ag múineadh scileanna difriúla. |
| • Ní dhéantar measúnú foirmiúil ar na gasúir. | • Déantar measúnú leanúnach ar dhul chun cinn na ngasúr. |
| • Bíonn an deis ann cur lena gcomhrá. | • Is beag deis a bhíonn ann comhrá a bheith ar bun. |
| • Is féidir le gasúir nach bhfuil ar chomhaois a bheith ag foghlaim in éindí. | • Bíonn gasúir ar chomhaois ag foghlaim le chéile. |

Curtha in oiriúint ó **'Literacy Home and School'** le Peter Hannon, Lth 39, The Falmer Press, 1995.

## Topaicí Lárnacha

1 An tús - céard a chiallaíonn foghlaim don chlann?

2 Is múinteoirí nádúrtha iad na tuismitheoirí

3 Cúpla focal faoi...

4 Rannta, amhráin agus dánta

5 Scéalaíocht

6 Leabhra a roinnt

7 Tá cló chuile áit thart orainn

8 Réidh le tosú ag scríobh

9 Scríbhneoireacht a bhíonn in úsáid chuile lá

10 Ag úsáid mata

11 Spraoi a bhaint as mata

12 Leabhar a dhéanamh

13 Chuile rud a thabhairt le chéile

14 Rudaí a cheangailt le chéile

## Topaicí Eile

- Ríomhairí
- Ealaíon agus Ceirdeanna
- Garchabhair
- Sláinte Clainne
- Bainistiú struis
- Ag cóipeáil le hiompar na ngasúr
- Ag tabhairt cúnaimh do ghasúir níos sine le litriú
- Labhairt le múinteoir do ghasúir
- Tú féin a chur i bhfeidhm
- Airdeall na dtomhaltóirí

Do thuairimí:

# Ag foghlaim sa mbaile

I rith na seachtaine déan nóta do scil a d'fhoghlaim do ghasúr sa mbaile, scil a chonaic tú do ghásúr ag déanamh ar a laghad ceithre huaire.

Seo a leanas roinnt samplaí:


ag breathnú ar leabhar


ag scipeáil


ag úsáid an leithris


ag péinteáil pictiúir

## Scileanna

1.

2.

3.

4.

## Déan macnamh fúthu seo:

Ar roghnaigh do ghasúr na scileanna seo a fhoghlaim?

Cé as do chlann a thug cúnamh do do ghasúr leis an bhfoghlaim?

Cé mhéid ama a bhí ag do ghasúr don fhoghlaim?

Cén chaoi a raibh a fhios agat gur fhoghlaim do ghasúr na scileanna seo?

Ar labhair tú féin agus do ghasúr faoin éacht a bhí déanta aici?

Céard a dúirt tú?

# Pioc amach do stíl foghlama

Roghnaigh freagra AMHÁIN a, b, nó c, do chuile cheist.

1. **Nuair atá tú ag dul áit éicint nach raibh tú ann a riamh cheana, an maith leat**

a) treoracha a bheith scríofa síos duit?

b) duine a bheith ag inseacht an bealach duit?

c) an bealach a dhéanamh amach duit féin is tú ag déanamh ar an áit mar go bhfuil tú go maith ag obair asat féin?

2. **Nuair a bhíonn tú ag litriú, céard a dhéanann tú?**

a) iarracht a dhéanamh an focal a fheiceáil?

b) iarracht fuaim an fhocail a dhéanamh amach?

c) an focal a scríobh síos sa gcaoi go bhfeicfidh tú an mbreathnaíonn sé ceart?

3. **Nuair a bhíonn olc ort, céard a dhéanann tú?**

a) fanacht ciúin agus diúltú labhairt le héinne?

b) a chur in iúl do dhaoine ar an bpointe, béic a ligean agus araile?

c) imeacht leat go stuaiceach, do dhorn a dhúnadh, d'fhiacla a fháisceadh ar a chéile?

4. **Nuair atá am faighte agat duit féin, an mb'fhearr leat**

a) breathnú ar an teilifís, dul go dtí an phictiúrlann, físchluiche a imirt?

b) éisteacht leis an raidió nó le téipeanna/dlúthdhioscaí, dul ag ceolchoirm nó uirlis a sheinm?

c) rud éicint aclaí a dhéanamh, mar shampla spórt nó damhsa?

5. **Nuair atá ort labhairt faoi rud éicint atá tábhachtach, céard a dhéanann tú?**

a) an mb'fhearr leat buaileadh leis an duine agus labhairt faoi nó an mb'fhearr leat cúpla abairt a scríobh faoin méid atá le rá agat?

b) úsáid a bhaint as an teileafón?

c) labhairt faoi nuair atá tú i mbun rud éicint eile cosúil le siúlóid nó nuair atá tú ag ithe béile?

# Pioc amach do stíl foghlama

**6. Nuair atá tú ag caint, céard a dhéanann tú?**

a) an labhraíonn tú an-sciobtha, go háirid nuair atá sceitimíní ort?

b) an maith leat a bheith ag éisteacht, ach fonn cainte a bheith ort ag an am céanna?

c) an mbaineann tú go leor úsáide as do láimh agus do chorp is tú ag caint?

**7. An mbíonn a fhios ag daoine eile cén chaoi a n-aireann tú**

a) ón straois a bhíonn ort?

b) ó do ghlór?

c) ó na geáitsí a dhéanann do chorp?

**8. Nuair a mholann duine éicint tú, an dtaitníonn leat**

a) é a bheith scríofa síos duit?

b) é a bheith ráite leat?

c) é a chur in iúl go fisiciúil, mar shampla bos a bhuaileadh ar do dhroim nó barróg a thabhairt duit?

**9. Nuair a bhíonn tú ag iarraidh déanamh amach cén giúmar atá ar dhuine, céard a dhéanann tú?**

a) an mbreathnaíonn tú den chuid is mó ar éadan an duine?

b) an n-éisteann tú le glór an duine?

c) an gcoinníonn tú súil ar gheáitsí an choirp?

**10. Nuair atá tú díomhaoin, céard a dhéanann tú?**

a) an mbreathnaíonn tú thart ort féin, an mbíonn tú ag breacadaíl nó an mbreathnaíonn tú ar rud éicint?

b) an labhraíonn tú leat féin nó le daoine eile?

c) an dtosaíonn tú ag útamáil?

# Pioc amach do stíl foghlama

**11. Nuair atá tú ag foghlaim an dtaitníonn leat**

a) taispeántais, léaráidí nó póstaeirí a fheiceáil?

b) a bheith ag éisteacht le treoracha, cainteanna agus léachtaí?

c) nó an b'fhearr leat páirt ghníomhach a ghlacadh mar shampla, gníomhaíochtaí nó ceachtanna?

**12. Nuair a insíonn duine éicint uimhir theileafóin duit**

a) an scríobhann tú síos an uimhir chomh sciobtha agus is féidir?

b) an ndeireann tú leat féin arís agus arís eile í?

c) an bhfeiceann tú tú féin ag diaileáil na huimhreach?

Curtha in oiriúint ón Learning Styles Questionnaire in '**Learning In Practice**' le Rosamund Philips, NALA 1996.

# Trí bhunscil foghlama

'A'-anna den chuid is mó

Má roghnaigh tú 'a'-anna den chuid is mó i do fhreagraí is mór an seans gur foghlaimeoir amhairc tú. Bíonn tú ag brath ar an rud a fheiceáil agus sin í an straitéis is fearr leat agus is éifeachtúil duit.

**Na daoine a fhoghlaimíonn ó radharc na súl:**

- b'fhearr leo mapa a fheiceáil seachas treoracha labhartha a fháil;
- b'fhearr leo a bheith ag breacadaíl;
- feiceann siad na focla ina n-intinn;
- cuimhníonn siad ar an rud a chonaic siad, seachas ar an rud a chuala siad;
- b'fhearr leo eolas a léamh i bhfoirm treoracha;
- tá siad pointeáilte agus néata.

'B'-anna den chuid is mó

Má roghnaigh tú 'b'-anna den chuid is mó i do fhreagraí is mór an seans gur foghlaimeoir cloisteála tú. Is trí éisteacht agus labhairt is mó a fhoghlaimíonn tú.

**Na daoine a fhoghlaimíonn ón gcluais:**

- bíonn siad ag labhairt leo féin;
- bíonn na liopaí ag gluaiseacht nuair a bhíonn siad ag léamh;
- deireann siad an t-eolas amach os ard arís agus arís sa gcaoi go bhfoghlaimeoidh siad é;
- bíonn siad cainteach, agus is breá leo a bheith ag díospóireacht;
- is maith leo na focla a rá amach nuair atá siad ag foghlaim le hiad a litriú;
- cuimhníonn siad ar an rud a chuala siad seachas ar an rud a chonaic siad.

# Trí bhunscil foghlama

'C'-anna den chuid is mó

Má roghnaigh tú 'c'-anna den chuid is mó i do fhreagraí is mór an seans gur foghlaimeoir cinéistéiseach tú. Foghlaimíonn tú trí rudaí a láimhseáil agus trí ghluaiseacht. Is maith leat an tasc a dhéanamh agus é a fhoghlaim ar bhealach éifeachtúil.

**Daoine gur foghlaimeoirí cinéistéiseacha iad:**

- bíonn sé deacair acu suí síos;
- foghlaimíonn siad trí a bheith ag láimhseáil agus ag déanamh rudaí;
- bíonn siad in ann smaoineamh níos fearr nuair a bhíonn siad ag corrú nó ag siúil;
- baineann siad úsáid as focla gníomhacha;
- baineann siad úsáid as geáitsí go minic;
- is maith leo na focla a rianú agus is maith leo na focla a scríobh agus iad ag foghlaim le focla a litriú;
- cuimhníonn siad níos fearr ar rudaí a dhéanann siad;
- foghlaimíonn siad níos fearr nuair a bhíonn gluaiseacht i gceist.

# An bealach a fhoghlaimíonn an gasúr

Foghlaimíonn gasúir níos fearr nuair a bhíonn taithí dhíreach acu ar na tascanna foghlama. Cuireann na gníomhaíochtaí is fearr le haghaidh foghlaim an ghasúir a chur chun cinn na rudaí seo a leanas ar fáil:

- deiseanna le feiceáil, aireachtáil, cloisteáil, mothú agus blaiseadh;
- deiseanna le cíoradh a dhéanamh, le triáil a bhaint as rudaí agus le cleachtadh a fháil ar rudaí;
- áiteacha a bhfuil aithne acu orthu chun rudaí nua a fhoghlaim, cosúil leis an mbaile agus leis an bpobal áitiúil;
- meascadh le tuismitheoirí, cairde, deartháireacha agus deirfiúracha, agus gaolta eile;
- deiseanna le comhráití, le ceisteanna a fhiafraí agus le cineálacha eile de thaithí teanga;
- spreagadh agus moladh;
- deiseanna le tascanna foghlama a roghnú agus a phleanáil;
- spriocanna réadúla;
- deiseanna sa gcaoi go bhfeicfidh an gasúr go bhfuil tábhacht éicint ag baint leis na spriocanna.




# Fean na n-ainmneacha

1 Comhair líon na litreacha in ainm do ghasúir. Fill an leathanach leis an líon céanna filleanna agus a bhí litreacha in ainm do ghasúir. (Mar a léiríonn an léaráid thíos.)

2 Scríobh na litreacha atá in ainm do ghasúir trasna thar cheann an leathanaigh.

3 Tosaigh leis an gcéad litir atá in ainm do ghasúir agus gearr amach pictiúir ó iris agus bíodh fuaim an ruda atá sa bpictiúr díreach cosúil leis an bhfuaim atá ar an gcéad litir in ainm do ghasúir. Greamaigh an pictiúr le gliú ar an gcéad fhilleadh, faoin gcéad litir.

4 Lean ort ar an mbealach céanna le chuile cheann de na litreacha in ainm do ghasúir.




# Stíleanna foghlama sa mbaile

**Caith am ag breathnú ar an mbealach a fhoghlaimíonn do ghasúr.**

| | ✔ | ✕ |
|---|---|---|
| An gcuimhníonn do ghasúr ar rudaí a iarrann tú air a dhéanamh? | | |
| An dtaitníonn leis a bheith páirteach i gcomhráití nó ag éisteacht le daoine eile? | | |
| An maith leis a bheith ag éisteacht le téipeanna agus ag breathnú ar fístéipeanna? | | |
| An maith leis a bheith ag breathnú ar leabhra agus ar irisí? | | |
| An maith leis a bheith ag dathú nó ag tarraingt? | | |
| An maith leis a bheith ag breathnú ar dhuine eile ag déanamh rud éicint sula dtabharfaidh sé féin faoi? | | |
| An maith leis a bheith ag obair lena lámha, mar shampla a bheith ag imirt le marla nó le huisce? | | |
| An maith leis a bheith ag tógáil nó ag déanamh rudaí? | | |
| An maith leis spórt, damhsa agus gníomhaíochtaí gluaiseachta eile? | | |

Céard eile a thug tú faoi deara?

# ó Phonc go Ponc





Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Department of Education and Science